# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

## Samhradh 2015

**Céad Fhaoistín 17/4/15** Rinne Rang 2 a gCéad Faoistín ag tús na téarma.

**Ranganna Spórt**
Bhí na gasúir uile an-gnóthach an téarma seo ag déanamh ranganna Liathróid Láimhe, ranganna Damhsa agus ranganna Aclaíochta! Beidh siad an-aclaí amach anseo!

**Blitz Peile 7/5/15**



Chuaigh Rang Mhíceál, na bunranganna agus Rang 3 agus 4 chuig Blitz Peile a bhí eagraithe ag Joe Joe i Ros a Mhíl. Bhí an-lá ag na gasúir agus fuair siad boinn. Bhí siad an-bhrodúil astu!

**Céad Comaoineach 16/5/15**
Comhgairdeas mór le Cian B, Eoin, Kate, Róise, Seán agus Síofra a rinne a gCéad Comaoineach.



**Prionsa Charles agus Camilla 19/5/15**

Fuair Scoil Ros a' Mhíl cuireadh iontach! Bhuail na gasúir ó Rang 4 leis an bPrionsa Charles agus a bhean, Camilla ag NUIG i nGaillimh. Chan siad amhrán agus thug siad bronntanas dóibh. Bhí muid sna páipéir agus ar an Nuacht!!!



**Cúrsa Rothaíochta 23/6/15**

Rinne Rang 2-4 lá Rothaíochta ar scoil. D’fhoghlaim siad faoi shábháilteacht ar na bóithre.



**Garda Chósta 24/6/15**

Tháinig na Gardaí Chósta chuig an scoil agus bhí siad ag caint lena gasúir faoi shábháilteacht uisce. Bhí na gasúir in ann dul suas ar an mbád agus isteach sa gcarr!




**Turais Scoile**

Chuaigh Naíonáin Bheaga-Rang 1 chuig Páirc Feirme Leamhchoill. Bhí an-lá acu sa sciobóil spraoi, ar na carranna ‘didi’, sa ngaineamh, sa traen bairille, le na hainmhithe, ag ciceáil pionóis, ar an gcúrsa bacainne ar an zp wire…. agus go leor rudaí eile!!! Bhí siad uile maraithe ag deireadh an lae!!!



Chuaigh Rang 2-4 chuig Gairdín Bhríde.

**Lá Spóirt 29/6/15**

Bhí

Tá súil againn go mbeidh samhradh iontach agaibh agus bainigí sult as an sos.

Foireann na Scoile

Athoscailt:1/9/15